# Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh
# Córas Coiteann Iontrála (CCI)
# Fógra Príobháideachais 2025/2026

## Fógra Príobháideachais maidir le sonraí a bhailíonn scoileanna agus a phróiseálann Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh chun críocha Córas Coiteann Iontrála (CCI) Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh

**Cuspóir**

Is é Córas Coiteann Iontrála(CCI) Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh an próiseas ina ndéantar bainistiú ar aistriú daltaí bunscoile rang a sé chuig na hiar-bhunscoileanna rannpháirteacha.

Is é Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh (ITOL) a riarann an Córas Coiteann Iontrála thar ceann Chumann Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Luimnigh.

Is é an cuspóir dá mbailítear agus dá bpróiseáiltear na sonraí seo ná:

***Chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheorí/caomhnóirí paistí atá ag lorg áit sa chéad bhliain i gceann de na 17 iar-bhunscoil CCI i gcathair Luimnigh agus sa cheantar máguaird***.

**Is iad seo a leanas na 17 iar-bhunscoil i gceantar CCI:**

**Ardscoil Mhuire** (*cailíní*), An Corrbhaile, Luimneach.

**Ardscoil Rís** (*buachaillí*), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach.

**Coláiste Chaladh an Treoigh** (*comhoideachas*), An Baile Nua, Caladh an Treoigh, Luimneach.

**Coláiste Chiaráin** (*comhoideachas*), Cromadh, Co. Luimnigh.

**Coláiste Mhichíl** (*buachaillí*), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach.

**Coláiste Nano Nagle** (*cailíní*), Sráid Uí Sheasnáin, Luimneach.

**Coláiste Cuimsitheach an Chorráin C.Í.** (*comhoideachas*), Bóthar Thuar an Daill, Co. Luimnigh.

**Gaelcholáiste Luimnigh** (*comhoideachas, lán-Ghaeilge*) Meal Síor Anraí, Sráid an Chláir, Luimneach.

**Coláiste Chnoc na Labhras, F.C.J.** (*cailíní, lán-Ghaeilge*), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.

**Meánscoil Chnoc na Labhras, F.C.J.** (*cailíní*), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.

**Meánscoil Oideachas Le Chéile Luimnigh** (*comhoideachas*) Bóthar na Grúdan, Tamhlachtain, Caladh an Treoigh, Luimneach.

**Coláiste Mhungairit** (*comhoideachas*), Cathair an Fhardorais, Mungairit, Co. Luimnigh.

**Coláiste Sailéiseach** (*comhoideachas*), Pailís Chaonraí, Co. Luimnigh.

**Coláiste San Cleimint** (*buachaillí*), An Cuarbhóthar Theas, Luimneach.

**Coláiste Naomh Mainchín** (*buachaillí*) An Corrbhaile, Luimneach.

**Pobalcholáiste Thuamhumhan** (*comhoideachas*), Páirc Mhaoilis, Luimneach.

**Meánscoil Villiers** (*comhoideachas, scoil táille*), An Cuarbhóthar Thuaidh, Luimneach.

**Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh**
**Córas Coiteann Iontrála (CCI)**
**Fógra Príobháideachais 2025/2026**

**Sa chás nach gcuireann tú na sonraí a iarrtar ar an bhfoirm iarratais CCI ar fáil, ní bheidh sé indéanta d'iarratas a phróiseáil faoin scéim agus ní bhfaighidh do pháiste áit sa chéad bhliain i scoil CCI rannpháirteach don bhliain acadúil 2025/2026.**

## Rialaitheoir(í) Sonraí

Is í gach scoil ó na 17 n-iar-bhunscoil CCI rannpháirteacha, a fhaigheann foirm CCI, an rialaitheoir sonraí do na sonraí sin.

Má tá ceist agat nó má fhaigheann tú diúltú ón scoil de do chéad rogha, déan teagmháil dhíreach le Rúnaí Bhord Bainistíochta na scoile sin.

Má tá ceist agat maidir le tairiscint nó diúltú ó aon scoil seachas do rogha Uimhir 1, déan teagmháil dhíreach le Rúnaí Bhord Bainistíochta na scoile sin.

## Próiseálaí Sonraí

Is é Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh an próiseálaí sonraí chun do shonraí a phróiseáil. Má tá ceist agat maidir le próiseáil do shonraí, seol ríomhphost chuig gdpr@lec.ie.

## Na Daoine Is Ábhar do na Sonraí

- Tuismitheoirí/caomhnóirí a chomhlánaíonn Foirm Iarratais Choiteann Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh thar ceann a bpáiste/coimircí *(an t-iarratasóir)*.
- Páiste/coimircí (*an t-iarratasóir)*
- Siblíní an iarratasóra.

## Cad iad na sonraí a bhailítear?

***Bailítear an t-eolas seo a leanas faoin tuismitheoir/na tuismitheoirí/caomhnóir(í):***

1. Ainmneacha na dtuismitheoir(í)/caomhnóir(í)
2. Seoladh
3. Uimhir Theagmhála
4. Seoladh ríomhphoist

# Iar-Bhunscoileanna Cheantar Luimnigh
# Córas Coiteann Iontrála (CCI)
# Fógra Príobháideachais 2025/2026

***Bailítear an t-eolas seo a leanas faoin bpáiste (iarratasóir)***

- Ainm an pháiste *(iarratasóir)*
- Seoladh
- Dáta breithe
- Inscne
- Uimhir PSP
- Reiligiún
- Náisiúntacht
- Paróiste ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir
- Ainm & seoladh na bunscoile
- Rogha an iarratasóra ar scoileanna in ord íslitheach ó 1 – 11

***Bailítear an t-eolas seo a leanas faoi shiblíní/siblíní an iarratasóra (nuair is cuí):***

- Ainm(neacha) siblín(í)
- Ainm na hiar-bhunscoile (*nuair is cuí*)

**<u>Comhroinnt Sonraí</u>**

- Roinnfidh an scoil den chéad rogha an fhoirm CCI & a sonraí le hIonad Tacaíochta Oideachais Luimnigh ar an gcoinníoll go dtoilíonn tú lena leithéid a roinnt ar leathanach 4 den fhoirm iarratais CCI. Chun toiliú leis an gcomhroinnt sonraí seo, ní mór duit tic a chur leis an toiliú **<u>(A)</u>** faoin Rannán RGCS ar leathanach 4 den Fhoirm Iarratais.
  **Sa chás nach dtoilíonn tú leis na sonraí seo a bheith roinnte ag an scoil den chéad rogha le hIonad Tacaíochta Oideachais Luimnigh, ní bheidh sé indéanta d'iarratas a phróiseáil faoin scéim agus ní bhfaighidh do phaiste áit sa chéad bhliain in aon cheann de na 17 scoil CCI, lena n-áirítear do rogha scoile Uimh. 1 don bhliain 2025/2026.**

- Mura bhfaigheann do phaiste an chéad rogha, roinnfidh Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh an Fhoirm Iarratais le scoileanna 2-11, de réir mar is gá, san ord tosaíochta, ar choinníoll go dtoilíonn tú leis an roinnt sin**.** Chun toiliú leis an gcomhroinnt sonraí seo, ní mór duit tic a chur leis an toiliú **<u>(B)</u>** faoin Rannán RGCS ar leathanach 4 den Fhoirm Iarratais.
  **Sa chás nach dtoilíonn tú na sonraí seo a roinnt leis na scoileanna atá liostaithe 2-11 ar d'fhoirm Iarratais, is í an scoil sin an t-aon scoil a bhreithneoidh d'fhoirm. Mura bhfaigheann do pháiste áit sa scoil chéad rogha sin, ní roinnfear an fhoirm le haon cheann de na scoileanna atá liostaithe 2-11 agus ní bhfaighidh do pháiste/choimircí áit in aon iarbhunscoil eile i limistéar an CCI tríd an bpróiseas seo.**

- Roinnfear sonraí leis an Roinn Oideachais agus le Seirbhís Tacaíochta Oideachais TUSLA má iarrtar sin.

**<u>Tréimhse stórála</u>**

Coinneofar na sonraí a phróiseálann ITOL ar feadh tréimhse 3 bliana chun gur féidir an próiseas CCI do 2025/2026 a chur i gcrích agus chun a chinntiú go bhfuil taifead ann, i gcás iarratas eile ón iarratasóir ar áit scoile le linn na scoilbhliana 2026/2027.

Scriosfar gach taifead *(cóipeanna bunachar sonraí agus páipéir)* i mí Mheán Fómhair 2027.

Téigh i gcomhairle le polasaí RGCS gach scoile aonair chun tuilleadh eolais a fháil maidir lena bpolasaithe cosanta agus coinneála sonraí aonair.

**<u>Cearta an Ábhair Sonraí</u>**

- Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar do shonraí agus ar shonraí do pháiste/choimircí *(iarratasóir)*.
- Tá sé de cheart agat do chuid sonraí a cheartú, iarracht a dhéanamh srian a chur ar an gcaoi ar féidir iad a phróiseáil nó agóid a dhéanamh i gcoinne conas is féidir iad a phróiseáil.
- Cé go bhfuil sé de cheart agat do shonraí nó sonraí do pháiste/choimircí *(iarratasóir)* a scriosadh ó thaifid Ionad Tacaíochta Oideachais Luimnigh, b'fhéidir nach mbeimid in ann aontú le d'iarratas má tá sé níos lú ná 3 bliana ó chuir tú d'iarratas isteach faoin scéim seo.
- Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, féach www.dataprotection.ie